# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Scéim Mharcála** agus **Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Maidir leis na nótaí tacaíochta a chuirtear i láthair anseo, ní hiad amháin atá bailí ná, tógtha le chéile, ní liosta iomlán iad agus, maidir le haon phointe eolais ábhartha eile a chuireann iarrthóir i láthair, ba cheart caitheamh leis de réir a chuid buanna féin.

- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

- I go leor cásanna ní thugann na nótaí tacaíochta ach príomhfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh athrú teacht ar na riachtanais ó bhliain go bliain mar sin.

- Caithfidh gur úsáideadh focail, nathanna cainte nó frásaí sa chomhthéacs ceart agus nár tháinig siad salach ar a chéile, agus más léir nár úsáideadh i gceart iad nó gur tháinig siad salach ar a chéile, níor cheart na marcanna a bhronnadh.

- Sa chás go dtugann an t-iarrthóir níos mó pointí bailí ná mar a iarrtar sa cheist, cuirtear na pointí scóir sa bhreis is ísle as an áireamh trí lúibíní cearnacha a chur timpeall na marcanna sa bhreis a bronnadh. Ní chuirtear na marcanna sa bhreis seo san áireamh sa mharc iomlán don cheist, ní laistigh den script ná ar ghreille na gceisteanna ar an gclúdach, agus níor cheart iad a áireamh leis an iomlán carnach.

| 3 | 2 | 1 | 0 |
|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt eolais<br>• Forbartha go pointe áirithe | • Leath-thuairim | • Gan eolas ar bith<br>• Athrá déanta ar an ráiteas |


| 4 | 3 | 2 | 1 | 0 |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | **Maith** | **Réasúnta** | **Lag** | **Lag** |
| • Mioneolas<br>• Baineann sé leis an gceist<br>• Gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt eolais<br>• Forbartha go pointe áirithe | • Leath-thuairim | • Eolas ar deacair meabhair a bhaint as<br>nó<br>nach bhfuil ag teacht le chéile | • Gan eolas ar bith<br>• Athrá déanta ar an ráiteas |

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| **Nóta Mínithe** | **Úsáid** | **Marcanna (más iomchuí)** |
|---|---|---|
| $\checkmark_{1}$ | Faisnéis bhailí | 1 |
| $\checkmark_{2}$ | Faisnéis bhailí | 2 |
| $\checkmark_{3}$ | Faisnéis bhailí | 3 |
| $\checkmark_{4}$ | Faisnéis bhailí | 4 |
| $\checkmark_{5}$ | Faisnéis bhailí | 5 |
| $\checkmark_{6}$ | Faisnéis bhailí | 6 |
| $\checkmark_{7}$ | Faisnéis bhailí | 7 |
| $\checkmark_{8}$ | Faisnéis bhailí | 8 |
| $\checkmark_{9}$ | Faisnéis bhailí | 9 |
| $\checkmark_{10}$ | Faisnéis bhailí | 10 |
| $\checkmark_{11}$ | Faisnéis bhailí | 11 |
| $\checkmark$ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| **0** | Freagra mícheart | 0 |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí | N/B |

## ROINN A (100 Marc)

Bronn 1 marc breise do gach ceann de na chéad cheithre cheist a freagraíodh i gceart

| C | | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|---|
| **1.** | **(a)** | Sa Fhrainc a bheidh Corn Rugbaí an Domhain ar siúl in 2023. | |
| | | Mínigh, agus léaráid lipéadaithe (na haiseanna san áireamh) cuar an tsoláthair do thicéid don imeacht seo. | **3** |
| | |   | |
| | | • Beag beann ar phraghas, ní mór líon na suíochán a sholáthraítear a **shocrú** do na staideanna ina mbeidh an t-imeacht ar siúl.<br>• Fiú má thagann athrú ar an bpraghas, níl áit sa láithreacha ach do líon áirithe de lucht freastail.<br>• Tá sé neamh-inphléite nó é ceartingearach amach is amach, ní nach ionadh agus gan ach líon áirithe suíochán ag na láithreacha. | **3** |
| | **(b)** | Mínigh dhá choinníoll atá riachtanach le go bhféadfadh **idirdhealú praghsanna** tarlú i ndíolachán ticéad do Chorn Rugbaí an Domhain 2023.<br>Aineolas custaiméirí:<br>Níl a fhios ag an gcustaiméir go bhfuil idirdhealú praghsanna ar siúl.<br>Neamhshuim custaiméirí:<br>Tá a fhios ag custaiméirí faoi ach tá siad ar nós chuma liom faoi.<br>Dearcthaí custaiméirí:<br>Tá custaiméirí den tuairim gur fiú níos mó a chaitheamh ar an táirge ná déanamh gan é.<br>Cumhacht monaplachta:<br>Caithfidh méid áirithe de chumhacht monaplachta a bheith ag an ngnólacht le gur féidir leo idirdhealú praghsanna a dhéanamh nó bheadh gnólachtaí in iomaíocht leo in ann gearradh fúthu ó thaobh praghais de agus bheadh deireadh leis idirdhealú praghsanna ansin.<br>Na cineálacha praghasleaisteachais éagsúla a bhíonn le sonrú san éileamh:<br>Le go féidir le gnólacht tabhairt faoi idirdhealú praghsanna (den tríú grád), caithfidh siad a aithint i dtús báire go mbíonn custaiméirí áirithe níos sofhreagraí ná a chéile ó thaobh aird a thabhairt ar athruithe praghsanna agus ba cheart dóibh é sin a thabhairt san áireamh agus a gcuid praghsanna féin á socrú. Is é sin, glacfaidh lucht pinsin agus mic léinn níos réchúisí leis má théann praghsanna in airde.<br>Scarúint margaí:<br>Caithfidh sé a bheith dodhéanta do chustaiméirí an táirge a cheannach sa mhargadh níos saoire agus é a athdhíol sa mhargadh níos daoire ansin. | **2 @ 3** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2.** | **(a)** | Ar an 3 Márta, 2022 d'ardaigh praghas an pheitril thar €2 den chéad uair.<br>Arna chur in oiriúint ó independent.ie<br><br>Roghnaigh, agus úsáid á baint agat as tic (✓), cé acu a mheastar éileamh praghasleaisteach nó éileamh praghas-neamhleaisteach a bheith ar pheitreal. Mínigh do fhreagra.<br>Praghasleaisteach: ☐ Praghas-neamhleaisteach: ✓<br><br>• Tá éileamh neamhleaisteach ag baint le praghas peitril sa mhéid is má théann an praghas in airde; beidh an méadú céatadáin ar an bpraghas níos mó ná an laghdú céatadáin a thiocfaidh ar an líon de atá á lorg.<br>• Is bunriachtanas é peitreal do go leor tiománaithe agus fiú má théann praghas an pheitril in airde, beidh sé fós ag teastáil ó chustaiméirí agus má théann an praghas dó in airde is lú an titim a thiocfaidh ar an éileamh air ó thaobh sciar/céatadáin de. | **1**<br><br>**5** |
| | | **Freagair (b) nó (c)** | |
| | **(b)** | Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh cur amach ag miondíoltóirí ar an gcoincheap de phraghasleaisteachas an éilimh.<br><br>• Roimh phraghas táirge a athrú beidh a fhios acu conas a rachaidh an t-athrú sin i bhfeidhm ar an tóir a bheidh ar an táirge sin.<br>• Beidh fios acu conas ioncam a uasmhéadú: maidir le hearraí a bhfuil ÉPL neamhleaisteach ag baint leo, ba cheart do ghnólachtaí an praghas a mhéadú / maidir le hearraí a bhfuil ÉPL leaisteach ag baint leo, ba cheart an praghas a laghdú.<br>• Idirdhealú praghsanna: Sula socraíonn gnólacht ar roinnt praghsanna éagsúla a ghearradh, is ciallmhar an mhaise dóibh fáil amach faoi na saghsanna custaiméirí atá acu agus na ÉPLanna difriúla atá acu.<br>• An méid a bhítear thíos le cáin agus cé chomh minic agus a ghearrtar í Is faoin ngnólacht atá sé cinneadh a dhéanamh faoi cá mhéad den cháin indíreach a chuirfear ar aghaidh chuig an gcustaiméir bunaithe ar a ÉPL. | **2@3** |
| | | **NÓ** | |
| | **(c)** | Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin agus ar mhíbhuntáiste amháin a bhaineann le geilleagar na hÉireann i bhfianaise chinneadh an Aire Airgeadais gan dleachtanna máil ar pheitreal a ardú i gCáinaisnéis 2023. | **2@3** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Buntáistí<br>• Géarchéim maidir leis an gCostas Maireachtála: Bhí saoránaigh na hÉireann faoi bhrú cheana féin agus iad ag iarraidh a gcaighdeán maireachtála a choimeád ag an leibhéal céanna in ainneoin na mbrúnna boilscithe nár tháinig aon stad orthu le linn 2022. Dá méadófaí dleachtanna máil gach seans go rachadh an fhadhb seo in olcas.<br>• Ná gearr pionós ar ghnólachtaí: aon mhéadú ar dhleachtanna máil chuirfeadh sé leis an gcostas táirgthe do ghnólachtaí atá ag streachailt chun fanacht i mbun gnó cheana féin.<br>Míbhuntáistí<br>• Teacht Isteach an Rialtais: Tá éileamh neamhleaisteach ag baint le praghas peitril agus, dá bhrí sin, b'ionann méadú mór ar dhleachtanna máil agus méadú mór ar theacht isteach rialtas na hÉireann.<br>• Damáiste don chomhshaol: Cuireann arduithe cánach custaiméirí ó tháirge a cheannach. Gan an dídhreasacht seo ní éireodh custaiméirí as a nós an táirge seo atá díobhálach don timpeallacht a cheannach. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **(a)** | Comhlánaigh na figiúirí don áirgiúlacht iomlán agus don áirgiúlacht imeallach atá in easnamh sa tábla thíos. Taispeáin do chuid oibre. | **6** |

| Líon aonad tomhailte | 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|---|
| Áirgiúlacht Iomlán in aonaid/util | 40 | 80 | 115 | 137 |
| Áirgiúlacht Imeallach in aonaid/Util | 40 | 40 | 35 | 22 |

Obair: 80 – 40 = 40 / 80 + 35 = 115 / 137 – 115 = 22

*(1 le haghaidh freagra ceart / 1 le haghaidh obair cheart)*

**Freagair (b) nó (c)**

**(b)** Bunaithe ar na figiúirí a bhaineann leis an áirgiúlacht imeallach a ríomhadh thuas, cén pointe ar a dtosaíonn dlí d'áirgiúlacht imeallach laghdaitheach? Mínigh do fhreagra. **6**

- Freagra: nuair a chaitear an tríú aonad/nuair a chaitear an dara haonad.
- Téann áirgiúlacht imeallach i léig ó 40 go 35 aonad sásaimh.

**NÓ**

**(c)** An ngéilleann an fhoirmle thuas don Phrionsabal Comhimeallach d'iompraíocht custaiméirí? Mínigh do fhreagra. **6**

$$\frac{MUx}{Px} = \frac{1800}{10} = \frac{MUy}{Py} = \frac{3600}{10}$$

- Ní ghéilleann. toisc:
- $1800 \div 10 =$ 180
- $3600 \div 10 = 360$ dá bhrí sin níl an cóimheas mar an gcéanna.

4 (a)

Taispeántar sa tábla thíos an t-aschur agus na costais iomlána i ngnólacht. Comhlánaigh na figiúirí do mheánchostas agus do chostas imeallach atá in easnamh sa tábla thíos. **6**

| Aschur (aonaid) | 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|---|
| Costas Iomlán (€) | 55 | 82 | 108 | 152 |
| Meánchostas (€) | 55 | 41 | 36 | 38 |
| Costas Imeallach (€) | Níl ar fáil | 27 | 26 | 44 |

Obair:

- 82 ÷ 2 = 41
- 108 - 82 = 26
- 152 ÷ 4 = 38
- 152 – 108 = 44

An 1ú MC ceart 2; an 1ú AC ceart 2; an 2 fhigiúr Dheireanacha 1+1

(b)

**Freagair (b) nó (c)**

Chun fanacht i mbun táirgeachta, sa ghearrthréimhse ní mór do ghnólacht a mheánchostais iomlána a chlúdach. An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis an ráiteas sin? Aontaím ☐ Easaontaím ☑ **6**
Mínigh do fhreagra.

Sa ghearrthéarma ní mór don ghnólacht íoc as a **mheánchostais athraitheacha** fad is atá siad ag fanacht le go dtiocfadh méadú ar phraghas as aschuir / nó laghdú ar na costais iomlána / mar seans go bhfuil sé ag cur lena chuid costas seasta.


(c)

**NÓ** **6**

Mínigh an gaol atá idir cuar an Chostais Imeallaigh agus cuar an Mheánchostais.

- Nuair atá Costas Imeallach níos mó ná an Meánchostas: Tá an Meánchostas ag dul in airde.
- Nuair atá Costas Imeallach níos lú ná an Meánchostas: Tá an Meánchostas ag titim.
- Nuair atá an Costas Imeallach cothrom leis an Meánchostas: Tá an Meáchostas ar a íosmhéid.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5.** | **(a)** | Taispeántar sa léaráid thíos an Teorainn Féidearthachta Táirgiúlachta do chuideachta déantúsaíochta digití a tháirgeann ríomhairí glúine agus gléasanna táibléid. | |




6

Sainaithin ón léaráid thuas cén rogha (A, B nó C) a léiríonn faoi seach: pointe éifeachtúil, pointe neamhéifeachtúil, agus pointe táirgthe dodhéanta. Comhlánaigh an tábla thíos.

| Roghnaigh litir amháin do gach ceann | A, B nó C |
|---|---|
| Pointe Táirgiúlachta Éifeachtúil | P |
| Pointe Táirgiúlachta Neamhéifeachtúil | A |
| Pointe Táirgiúlachta Neamhfhéideartha | B |

6

**(b)** Cosain gach ceann de na roghanna a rinne tú in (a) thuas.

- Éifeachtúil: tagraíonn sé seo do phointe táirgthe ina bhfuil an gnólacht ag baint a oiread leasa agus is féidir as acmhainní tearca. Is é sin, leis na hacmhainní atá acu faoi láthair, ní féidir leo níos mó a thairgeadh ná mar atá á dtairgeadh acu. Tá sé seo le feiceáil aon áit ar an teorainnn – Pointe C.

- Neamhéifeachtúil: tagraíonn sé seo do phointe táirgthe ina bhfuil an gnólacht ag cur acmhainní tearca amú. Is é sin, leis na hacmhainní atá acu faoi láthair, is féidir tuilleadh táibléad agus ríomhairí glúine á tháirgeadh. Tá sé seo le feiceáil aon áit ar an teorainnn – Pointe C.

- Dódhéanta: tagraíonn sé do phointe táirgthe nach bhfuil sé ar chumas an ghnólachta é a bhaint amach faoi láthair leis na hacmhainní tearca atá acu faoi láthair. Le bheith in ann an leibhéal aschuir seo a tháirgeadh, bheadh orthu a dtosca táirgeachta a mhéadú.
  Tá sé seo le feiceáil aon áit lasmuigh den teorainn – Pointe B.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | **(a)** | I ngach cás thíos, úsáid tic (✓) chun a chur in iúl cé acu sampla de cháin dhíreach **nó** de cháin indíreach é an cháin. | **6** |

| Cáin | Cáin Dhíreach | Cáin Indíreach |
|---|---|---|
| CBL (VAT) | | ✓ |
| ÍMAT | ✓ | |
| Dleacht Chustam agus Máil | | ✓ |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar thrí riail/ar thrí phrionsabal a bhaineann le cánachas agus a bhaintear amach iad ach úsáid a bhaint as cánacha indíreacha. **6**

De bharr earráid aistriúcháin, glac le freagraí ina bpléitear gach prionsabal de chuid an chánachais.


- Cinnteacht: Ba cheart an méid ata le híoc agus an chúis gur gá é sin a dhéanamh a bheith ríshoiléir don cháiníocóir.
- Áisiúlacht: Maidir le cathain agus conas a ghearrtar an cháin seo, ba cheart é a dhéanamh chomh áisiúil don cháiníocóir agus is féidir le híoc.
- Cothrom na Féinne: ba cheart an córas cánach a bheith cóir sa chaoi ina bhfeidhmítear é. Le bheith cóir cothrom, ba cheart don chóras cánach níos mó airgid a thógáil ó lucht gustail ná iadsan atá ar an ngannchuid.
- Geilleagar: Ba cheart an méid a chosnaíonn sé chun cáin a bhailiú a bheith i bhfad níos lú ná méid na cánach a bhailítear.
- Níor cheart di daoine a chur ó airgead a shábháil/ó dhul i mbun oibre/ ó infheistiú a dhéanamh: aon duine atá sásta dul i mbun oibre/nó ar mhaith leo airgead a shábháil, níor cheart dóibh a bheith thíos le cáin agus níor cheart d’aon cháin fiontraithe a chur ó infheistiú a dhéanamh.
- Ba cheart d’imghabháil cánach a bheith dodheánta**:** mura bhfuil cúrsaí amhlaidh, ní bheidh rath ar bhailiú cánach mar mhodh chun airgead a thabhairt isteach.

**7.** **(a)** Tá tiarnaí talún ag imeacht ina mílte as margadh tithíochta na hÉireann, iad ag cur an mhilleáin ar bharrachas cánachais, rialú cíosa agus dlíthe atá de shíor á n-athrú.

Arna chur in oiriúint ó the Sunday Business Post

Taispeáin ar an léaráid thíos an dóigh a n-athróidh an fhorbairt seo staid chothromaíochta mhargadh an chíosa. Mínigh do fhreagra.

**3**




- De réir mar a fhágann tiarnaí talún an margadh, laghdaítear líon na n-ionad réadmhaoine atá ar fáil sa mhargadh.
- De réir a chéile bogfaidh an cuar soláthair ar chlé ó $S_1$ go $S_2$.
- Méadóidh an praghas cothromaíochta ó $Pe_1$ go $Pe_2$.

**3**

**(b)** Is féidir cur síos a dhéanamh ar an gcáin ar réadmhaoin fholamh in Éirinn mar idirghabháil rialtais. Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis ar thug rialtas na hÉireann isteach an cháin sin ar réadmhaoin fholamh.

**6**

- Teacht isteach an rialtais a mhéadú le gur féidir fóirithint a dhéanamh ar dhaoine gan dídean/an ghéarchéim tithíochta.
- Má tá ionaid réadmhaoine fholmha ann, tá teipthe ar an margadh: má tá an margadh sa riocht nach féidir le roinnt custaiméirí teach a aimsiú le cónaí ann, níl ann ach acmhainní tearca a chur amú má ligtear d'ionaid réadmhaoine fanacht folamh.
- Níos cothroime: i gcás roinnt ionad réadmhaoine atá folamh, is tithe saoire iad, rud a thugann le fios go bhfuil siad ina áit chónaithe thánaisteach don úinéir. Aon chóras cánach forásach ar fiú an t-ainm sin a thabhairt air, ba cheart dó níos mó airgid a thógáil ó úinéirí atá go maith as.
- Tá níos mó brú á chur ar an margadh tithíochta in Éirinn bliain ar bhliain. É déanta níos measa ag an gcogadh san Úcráin.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **8 .** | | Rinneadh méadú ar rátaí úis i limistéar an euro ceithre huaire sna sé mhí dheireanacha de 2022.<br>Arna chur in oiriúint ó ecb.europa.eu | |
| | **(a)** | Cosain an fáth a ndearna an Banc Ceannais Eorpach (BCE) an cinneadh seo.<br>• Rinne an Banc Ceannais Eorpach (BCE) an cinneadh seo faoi bheartas airgeadaíochta chun dul i ngleic leis an ngéarchéim bhoilscithe / chostais mhaireachtála ar fud na hEorpa. | **6** |
| | **(b)** | An gceapann tú go bhfuil tionchar ag ballraíocht i limistéar an euro ar chumas na hÉireann beartas airgeadaíochta a chur i bhfeidhm in Éirinn?<br>Ceapaim ☐ Ní cheapaim ☐ Mínigh do fhreagra.<br>Tá.<br>• Níl Éire i gceannas ar a beartas airgeadaíochta a thuilleadh.<br>• Níl cead ag rialtas na hÉireann an bonnráta úis a athrú - is faoin BCE atá sé é a shocrú.<br>• Ní féidir le rialtas na hÉireann tuilleadh airgeadra a phriontáil gan chead ón BCE.<br>• Níl cead ag rialtas na hÉireann rialacháin iasachta bainc a athrú neamhspleách ar rialú an BCE. | **6** |
| **9.** | | Tá an tSín chun tosaigh sa domhan maidir le déantúsaíocht earraí e.g. éadaí. De réir dealraimh, níl aon tionchar ag dlí an toraidh imeallaigh laghdaithigh air seo.<br>Arna chur in oiriúint ó hks.harvard.edu | |
| | **(a)** | Mínigh an coincheap eacnamaíochta a bhaineann le dlí an toraidh imeallaigh laghdaithigh.<br>De réir dlí an toraidh imeallaigh laghdaithigh, má chuirtear méideanna méadaitheacha de thoisc athraitheach i dtáirgeadh le méid seasta, bainfear amach pointe faoi dheireadh ina dtosaíonn an méid a chuirtear le haschur iomlán ag dul i léig. | **6** |
| | **(b)** | Dar le Scoil Harvard Kennedy, ní hé éadaí ach easpórtálacha ardteicneolaíochta an chéad réimse eile ina ndéanfaidh an tSín speisialtóireacht. Arna chur in oiriúint ó hks.harvard.edu<br>Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste costais a fhaigheann gnólachtaí na Síne mar gheall ar an speisialtóireacht.<br>• De réir mar a thiocfaidh laghdú ar an gcostas bainteach le gach aonad aschuir i ndiaidh a chéile a tháirgeadh, tiocfaidh laghdú ar chostas imeallach / meánchostas an ghnólachta.<br>• Tiocfaidh laghdú ar chostais iomlána an ghnólachta, rud a chuirfidh ar a chumas praghsanna a laghdú; díolacháin / brabús a mhéadú.<br>• San fhadtéarma is féidir leis an ngnólacht leas a bhaint as speisialtóireacht chun barainneachtaí scála a bhaint amach.<br>• Agus an gnólacht ag dul i méid, is féidir ranna speisialaithe nua a fhorbairt, rud a fhónfaidh do chostais trí chéile a laghdú. m.sh. Roinn AD. | **6** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **10.** | | Rinneadh na sonraí thíos a chóiriú as Cuntais Náisiúnta na hÉireann do 2021. | |

| **Cur síos** | **Luach** |
|---|---|
| **Glanioncam tosca ó thar lear** | **- €103bn** |
| **Fóirdheontais AE** | **€1.7bn** |
| **Cánacha AE** | **€0.5bn** |
| **Coigeartuithe**<br>*lena n-áirítear*<br>• *Ioncam tosca cuideachtaí athshainchónaithe*<br>• *Dímheas ar iompórtálacha T&F agus trádáil i maoin intleachtúil*<br>• *Dímheas ar léasú aerárthaí* | **€89bn** |

Ag glacadh leis gurbh é **€426bn an Olltáirgeacht Intíre (OTI) ag Praghsanna Reatha an Mhargaidh (CMP)**, bain úsáid as an eolas thuas chun na téarmaí **B**, agus **C** seo a leanas a ríomh. Tá **A** déanta cheana duit.

**2 @ 6**

Luaigh na gaoil agus taispeáin do chuid oibre go léir sna spásanna a chuirtear ar fáil thíos.

| | **Coigeartuithe/Gaoil** | **Freagra. € billiún** |
|---|---|---|
| | | |
| | **Olltáirgeacht Intíre (OTI) ag Praghas Reatha an Mhargaidh** | **€426bn** |
| ↓ | Gaoil / Coigeartuithe:<br><br>Olltáirgeacht Intíre (OTI) ag Praghas Reatha an Mhargaidh<br>+/- Glanioncam tosca ó thar lear | 426.00<br>(103.00) |
| A | = Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) ag Praghsanna Reatha an Mhargaidh | €323 billiún |
| ↓ | Gaoil / Coigeartuithe:<br><br>Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN)ag Praghsanna Reatha an Mhargaidh: €323 billiún<br>+ Foirdheontais AE €1.7 billiún<br>- Cánacha AE €0.5 billiún | |
| B | = Ollioncam Náisiúnta ag Praghsanna Reatha an Mhargaidh | €324.2 bn |
| ↓ | Gaoil / Coigeartuithe:<br><br>Ollioncam Náisiúnta ag Praghsanna Reatha an Mhargaidh: €324.2 billiún<br>- Coigeartuithe: €89 billiún | |
| C | = Ollioncam Náisiúnta Modhnaithe ag Praghsanna Reatha an Mhargaidh | €235.2 bn |

## Roinn B: 300 marc

## Ceist 11

(a) 28

| Daonra 2016 | Daonra 2022 | Athrú Iomlán |
|---|---|---|
| 4,761,865 | 5,123,536 | 361,671 |

**(i)** Úsáid an t-eolas atá sa tábla thíos (a bhaintear den ghraific eolais), ríomh an t-athrú céatadáin a tháinig ar an daonra idir 2016 agus 2022. Taispeáin do chuid oibre.

$$\frac{361671}{4761865} \times 100 = 7.59\,\%$$

*- 1 Mharc má fhágtar % ar lár*

**8**

**(ii)** Mínigh dhá thoisc ar dócha go raibh tionchar acu ar an treocht seo i ndaonra na hÉireann.

- Méadú ar an ráta beireatais: cuirfidh ráta beireatais ard leis an daonra. Ráta báis: Tá an ráta báis in Éirinn ag laghdú agus tá méadú ag teacht ar an daonra scothaosta.
- Feabhas ar chúram sláinte: Agus teacht níos fearr ag daoine ar chógais agus ar theicneolaíochtaí leighis anois, tá méadú tagtha ar an meánaois in Éirinn, rud a fhágann go bhfuil daonra níos mó ann.
- Imirce ghlan dhearfach: Tá méadú níos mó tagtha ar inimirce ná ar imirce le linn na tréimhse seo.
- Cogadh san Úcráin / an Ghéarchéim Idirnáisiúnta maidir le Dídeanaithe: de dheasca an chogaidh san Úcráin, tá muintir na hÚcráine ag teacht go hÉirinn ina dtáinte / tá méadú mór feicthe ar líon na ndídeanaithe ag iarraidh tearmainn chomh maith.

**2 x 5**

**(iii)** Nuair a théann an daonra i méid, d'fhéadfadh sé dul chun sochair nó chun dochair do chiste an rialtais. Déan plé ar dea-thionchar amháin agus ar dhroch-thionchar amháin ar chiste an rialtais.

Diúltach

- Brú ar sholáthar seirbhísí stáit:
  Agus an daonra ag dul i méid, bheadh brú ar an rialtas seirbhísí a sholáthar agus a fheabhsú. Mura socraítear plean roimh dhul i mbun seo, seans go mbeidh easnaimh ann ó thaobh tithe de, sa chóras oideachais srl. rud a chuirfidh straidhn ar chiste an rialtais.
- Níos mó brú ar infreastruchtúr:
  Beidh ar an rialtas soláthar a dhéanamh do dhaonra níos mó i bhfoirm scoileanna agus saoráidí don aos óg fad is a dhíríonn siad ar breis saoráidí a sholáthar do dhaoine scothaosta. Cuirfidh na rudaí seo go léir brú ar an méid airgid atá sa chiste acu.
- Brú níos mó ar chiste an stáit:
  Má tá bearnaí ann sa dífhostaíocht nach féidir a líonadh, caithfidh an rialtas leanúint d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh a íoc agus seans ann go mbeidh orthu níos mó a íoc.

**5**

Dearfach

- Borradh faoin éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí:
  Ba cheart go dtiocfadh méadú ar an éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí, rud a chuirfidh le hioncam na tíre.
- Méadú ar theacht isteach an Rialtais:
  Agus níos mó agus níos mó daoine ag dul isteach sa mhargadh fostaíochta, ba cheart go méadódh sé seo ioncam cánach don rialtas.
- Ní tharlóidh ganntanas luchta saothair chomh minic céanna:
  Má tá folúntais ann, seans go laghdóidh méadú ar an daonra iad agus go laghdófar dífhostaíocht i gcoitinne, rud a laghdóidh an méid airgid atá de dhíth chun íocaíochtaí leasa shóisialaigh a íoc.

**5**

**(b)**

**24** Ceann de na tosca táirgeachta is ea saothar.

**(i)** Mínigh an toisc tháirgeachta saothar.

Saothar: tagraíonn sé seo do na hiarrachtaí daonna ar fad chun fónaimh d’earraí, seirbhísí, agus saibhreas a chruthú.

**6**

**(ii)** Mínigh dhá thoisc a théann i bhfeidhm ar shoghluaisteacht gheografach lucht saothair.

**9**
**1ú @ 5**
**2ú @ 4**

- Na costais ródhaor a bhaineann le bogadh tí amhail tithíocht: má tá tithíocht inacmhainne ar fáil i gceantar, seans go meallfadh sé seo daoine chun bogadh ann.
- Saoráidí oideachais: má tá teacht ar scoileanna, ar chúram leanaí, agus ar ollscoileanna in áit, seans go spreagfaidh sé seo teaghlaigh a bhfuil páistí acu chun bogadh chun na háite.
- Infreastruchtúr sóisialta: má tá go leor taitneamhachtaí sóisialta in áit amhail siopaí, páirceanna, áiseanna fóillíochta srl, seans go spreagfaidh sé seo daoine chun bogadh ann.
- Tacaíochtaí rialtais: dá mba rud é go raibh cúnamh airgeadais ann chun bogadh a éascú, seans go mbeadh daoine níos toilteanaí chun tabhairt faoi.
- Teacht ar thacaíochtaí le haghaidh cianoibre. m.sh. leathanbhanda / moil oibre srl
- Caidrimh shóisialta: seans go gcuirfidh caidrimh le daoine muinteartha / gaolta cleithiúnacha srian ar GLS [Gluaiseacht Luchta Saothair].
- Infhaighteacht víosaí oibre: is cúinse é seo a chuireann srian ar shoghluaisteacht oibrithe idirnáisiúnta.

**(iii)** Mínigh dhá bhealach a bhféadfadh an rialtas soghluaisteacht gheografach lucht saothair a mhéadú.

**9**
**1ú @ 5**
**2ú @ 4**

- Dreasachtaí airgeadais: chun gnólacht a spreagadh chun bogadh go háit agus/nó dreasachtaí le go spreagfar daoine aonair déanamh amhlaidh.
- Infheistiú i dtithíocht: má tá ganntanas tithíochta inacmhainne ann, cuirfidh sé seo bac ar shoghluaisteacht. Dá gcuirfí tithíocht ar fáil i gceantair nach

raibh tóir chomh mór sin orthu, d'fhéadfadh sé seo daoine a spreagadh chun bogadh ann.

- Maoiniú d'institiúidí oideachais: scoileanna a sholáthar; seans go gcuirfeadh coláistí agus institiúidí cuma níos tarraingtí ar na ceantair seo.
- Bonneagar a fhorbairt a thuilleadh: sna ceantair seo, feabhas a chur ar áiseanna iompair, cuir i gcás; má tá teacht ar bhonneagar sóisialta sna ceantair seo, beidh siad níos tarraingtí do dhaoine ag smaoineamh ar athlonnú.
- Rochtain / inacmhainneacht a fheabhsú maidir leis na tacaíochtaí atá ag teastáil le haghaidh cianoibre, is é sin, rochtain Idirlín srl. / níos mó moil oibre a chur ar fáil amuigh faoin tuath.

**(c)**

**23**

Taispeántar sa tábla thíos (arna chur in oiriúint ón UNDP) ord agus scór dhá thír ar an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) in 2021.

| Rangú | Tír | Innéacs um Fhorbairt Dhaonna. (luach) | Ionchas saoil tráth breithe (blianta) SDG 3 | Meánbhlianta scolaíochta (blianta) SDG 4.4 | Ollioncam Náisiúnta in aghaidh an duine (2017 PPP $) SDG 8.5 |
|---|---|---|---|---|---|
| 8 | Éire | 0.945 | 82.0 | 11.6 | 76,169 |
| 153 | An Congó | 0.571 | 63.5 | 6.2 | 2,889 |

**(i)** Dá dtitfeadh an t-ionchas saoil in Éirinn, an mbeadh dea-thionchar nó droch-thionchar aige, dar leat, ar scór na hÉireann ar an IFD? **1**

Cosain do fhreagra. **4**

Diúltach.

- Dá dtitfeadh ionchas saoil thabharfadh sé seo le fios go raibh drochbhail ar an gcóras sláinte nó go raibh meath ag teacht air.


**(ii)** D'ainneoin rangú ard a bheith ag Éirinn ar an IFD tá neamhionannas ann go fóill. Tabhair breac-chuntas ar dhá bheartas eacnamaíochta a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a bhreithniú chun aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas in Éirinn. Cosain do fhreagraí. **9** **1ú @ 5** **2ú @ 4**

- Infheistíocht a dhéanamh sa chóras oideachais: Dá bhfaigheadh an rialtas réidh le táillí (folaithe) a chuireann bac ar rochtain ar oideachas ag gach leibhéal, chuirfeadh sé seo an ruaig ar bhac atá ann faoi láthair.
- An córas cánach a choigeartú: Dá laghdófaí cánacha díreacha d'oibrithe ar ioncam íseal, chuirfeadh sé seo lena n-ioncam indiúscartha.
- Íosphá a mhéadú: Dá méadófaí íosphá, thabharfadh sé seo breis ioncaim indiúscartha do dhaoine ar ioncam íseal.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | • Íocaíochtaí leasa shóisialaigh a mhéadú: Cé gur léir go gcuirfeadh sé seo tuilleadh costais ar an rialtas, is léir freisin go rachadh sé chun sochair d'iadsan ar ioncam íseal nó gan aon teacht isteach acu trí ioncam indiúscartha breise a thabhairt dóibh.<br>• Cíosanna a rialú: Tá cíos ard á íoc ag go leor daoine sa tír seo. Dá rialófaí cíosanna i gceart ní dhéanfaí an oiread sin teacht i dtír ar dhaoine agus bheadh níos mó ioncam indiúscartha acu dá bharr.<br>• Fáil réidh leis na bacainní a thagann idir daoine agus rochtain ar chúram sláinte: Cuirtear bac ar roinnt saoránach rochtain a fháil ar chúram sláinte ó tharla a n-ioncam a bheith íseal. Dá bhfaighfí réidh leis na bacainní seo agus tuilleadh bacainní nach iad, laghdódh sé míchothromaíochtaí.<br>• Tuilleadh rialachán a chur i bhfeidhm chun an bhearna phá idir na hinscní a laghdú.<br>• Cur leis na deiseanna fostaíochta atá ann: D'fhéadfadh an rialtas deiseanna fostaíochta a chur chun cinn ar go leor bealaí, lena n-áirítear fógraí agus fóirdheontais.<br>• Rochtain a fheabhsú ar oideachas/ ar fhostaíocht / ar struchtúir shóisialta do dhaoine faoi mhíchumas. | |
| | **(iii)** | Dá dtabharfaí isteach na beartais atá molta agat in (ii) thuas, tabhair breac-chuntas ar dhá mhíbhuntáiste eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cur i bhfeidhm na mbeartas sin.<br>• Oideachas: dá gcuirfí deireadh le táillí, seans go gcuirfeadh an iomad daoine isteach ar áit a fháil i gcoláiste nó san ollscoil agus ní bheadh cuid de na hinstitiúidí seo in ann freastal ar an éileamh / nó nach rachadh a dhóthain daoine i mbun printíseachtaí a dhéanamh le haghaidh ceirdeanna.<br>• An córas cánach a choigeartú: dá laghdófaí cánacha díreacha, seans nach mbeadh aon dul as ann ach cánachas indíreach a mhéadú, rud a chuirfeadh le boilsciú agus/nó a bheith ina shiocair le brath an iomarca ar chánachas ó CINanna.<br>• Íosphá a mhéadú: Cuireann sé seo leis an gcostas atá ar ghnólacht agus seans go ndúnfaí roinnt gnólachtaí dá bharr.<br>• Íocaíochtaí leasa shóisialaigh a mhéadú: seans go gcuirfeadh sé ina luí ar dhaoine nár ghá dóibh dul i mbun oibre, rud a chuirfeadh isteach ar an soláthar saothair.<br>• Cíosanna a Rialú: seans go gcuirfeadh sé dlús le líon na dtiarnaí talún atá ag éirí as an margadh tithíochta, rud a dhéanfadh an ghéarchéim tithíochta níos measa. | **9**<br>**1ú @ 5**<br>**2ú @ 4** |

| (a) | | Ceist 12 | |
|---|---|---|---|
| 33 | | Más mian le custaiméirí bainne a cheannach i margadh na hÉireann cuirtear neart roghanna os a gcomhair, ina measc tá bainne beagmhéathrais, sárbhainne agus bainne gan lachtós. San am atá thart bhí an margadh seo níos gaire do shamhail de mhargadh ina bhfuil iomaíocht fhoirfe. | |
| | (i) | Sainaithin trí shaintréith a bhaineann le margadh in iomaíocht fhoirfe.<br>• Líon mór ceannaitheoirí. Ní féidir le haon ceannaitheoir ar leith dul i bhfeidhm ar an margadhphraghas.<br>• Líon mór ceannaitheoirí. Ní féidir le haon díoltóir ar leith dul i bhfeidhm ar an margadhphraghas. Is praghasghlacadóir é gach díoltóir agus glacann sé leis an margadhphraghas.<br>• Earraí aonchineálacha. Tá na hearraí go léir ar aon dul lena chéile agus ní gá fógraíocht a dhéanamh dá bharr.<br>• Níl aon bhacainní ar iontráil. Fágann sé seo nach bhfuil a bhac ar ghnólachtaí chomh fada agus a bhaineann sé le dul isteach agus amach ón tionscal.<br>• Sáreolas ar tháirgí, ar bhrabúis, ar phraghsanna. Tá gach gnólacht go hiomlán ar an eolas faoi na brabúis atá á saothrú sa tionscal. Tá gach ceannaitheoir go hiomlán ar an eolas faoi na praghsanna atá á ngearradh ar na táirgí.<br>• Féachann gnólachtaí le brabúis a uasmhéadú. Déanann siad é seo trí éifeachtúlacht a uasmhéadú agus a gcostais a íoslaghdú.<br>• Níl ann do claonpháirteachas sa tionscal. Ní théann gnólachtaí i bpáirt le chéile go hintuigthe ná go sainráite chun an soláthar a rialú agus chun praghsanna a chúbláil.<br>• Soláthar de thosca táirgeachta atá leaisteach amach is amach. Tá rochtain ag gach gnólacht ar na tosca ag na praghsanna atá ann faoi láthair. | **12**<br>**3 @ 4** |
| | (ii) | Luaigh cúis amháin nach bhféadfaí a rá go bhfuil an margadh do bhainne Éireannach in iomaíocht fhoirfe a thuilleadh.<br>• Tá roinnt díoltóirí móra sa tionscal ar féidir leo dul i bhfeidhm ar phraghas anois, m.sh. Kerry Group agus Glanbia.<br>• Níl táirgí bainne ar aon dul lena chéile. Tá éagsúlacht mhór eatarthu anois agus is mór an fhógraíocht a dhéantar fúthu.<br>• Seans go bhféachfaí ar fhógraíocht iomaíoch mar bhacainn ar iontráil.<br>• Níl sáreolas ar phraghsanna, ar bhrabúis, agus ar tháirgí i réim sa tionscal. | **4** |

**(iii)** Mínigh, agus léaráid lipéadaithe (na haiseanna san áireamh) in úsáid agat, cothromaíocht fhadtréimhseach ghnólachta atá in **iomaíocht fhoirfe**.




**9**

| 1 mharc amháin in aghaidh an lipéid = 9 marc | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Praghas | Líon | I | P | C | MC | AC | D/AR/MR | E |

Míniú:


**8**

- Cothromaíocht bainte amach ag pointe E (pointe ag a bhfuil MC = MR).
- Táirgeann gnólachtaí méid Q.
- Díolann siad an táirgeadh ag praghas P.
- Tabhaítear na costais ag leibhéal C.
- Saothraíonn an ghnólacht gnáthbhrábús toisc AR = AC.
- Tá an ghnólacht i staid éifeachtúil toisc go bhfuil na costais ag an íosphointe den chuar ATC.

**(b)**

**24**

Taispeántar sa bharrachairt thíos an sciar den mhargadh do Tháirgeoirí Déiríochta na hÉireann in 2021.




Arna chur in oiriúint ó Top1000.ie

**(i)** Bunaithe ar na figiúirí sa bharrachairt thuas, ríomh an tInnéacs Herfindahl Hirschman do Tháirgeoirí Déiríochta na hÉireann. Taispeáin do chuid oibre. **9**

$$48^2 + 27^2 + 8^2 + 7^2 + 3^2 + 3^2 + 2^2 + 2^2 = 3172$$

**(ii)** An gceapfá go bhfuil an margadh seo iomaíoch, comhchruinnithe go measartha, nó comhchruinnithe go hard? Mínigh do fhreagra. **5**

- Comhchruinnithe go hard.
- Tá dhá ghnólacht mhóra go mór i dtreis sa mhargadh.
- Tá an t-áireamh HHI de 3172 níos mó ná 2500.

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste eacnamaíochta amháin agus ar mhíbhuntáiste eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ag baint le margadh atá in iomaíocht fhoirfe.

**1ú @ 6**
**2ú @ 4**

Buntáistí:

- Praghsanna ísle - díolann an ghnólacht a chuid táirgí ag na praghsanna is ísle agus is féidir. (ní dhéantar aon iarracht teacht i dtír ar chustaiméirí).
- Spreagtar daoine chun éirí níos éifeachtúla -táirgeann an ghnólacht ag an bpointe is ísle den chuar meánchostais le nach gcuirfear acmhainní tearca amú.
- Gan aon ghá le fógraíocht -tá an táirge aonchineálach agus tá sáreolas i réim agus ní fiú acmhainní tearca a chur amú ar fhógraíocht faoin ngnólacht mar sin, rud a fhágann nach gá do chustaiméirí praghsanna níos airde a íoc.
- Ní dhéantar iarracht teacht i dtír ar chustaiméirí - ós rud é nach féidir le gach gnólacht ach gnáthbhrabús a shaothrú.
- Tá lánchead do ghnólachtaí teacht isteach ós rud nach bhfuil aon bhacainn ar iontráil ann. Cothaítear fiontraíocht.

Míbhuntáistí

- Is beag deis atá ann leathnú nó forbairt a dhéanamh / scóip ar bith ann do bharainneachtaí scála – ós iad na díoltóirí beaga atá i dtreis, ní éiríonn gnólachtaí mór a dhóthain chun leas a bhaint as barainneachtaí scála.
- Gan mhórán rogha do chustaiméirí – ó tharla gach táirge a bheith aonchineálach, is beag rogha atá ann do chustaiméirí.
- Is beag deis atá ann do thaighde agus d'fhorbairt – cheal PLSanna [Pleanáil Líonra Soláthair], ní móide go ndéanfar infheistiú i T&F.

**(c)**

**18**

Moladh i gCáinaisnéis 2023 cáin amhantair shealadach de 33% ar bhrabúis cuideachtaí fuinnimh a thabhairt isteach, mar atá déanta sa chuid eile den AE.
*Nóta: is é is brí le cáin amhantair ná cáin ar bharraíocht brabús.

Déan plé ar na hargóintí i bhfabhar agus i gcoinne an mholta sin.


| Ar a shon | Ina choinne |
|---|---|
| Teacht i gcabhair ar dhaoine sa ghéarchéim atá ann faoi láthair<br>Teacht isteach breise a shaothrú don rialtas.<br>Tá an t-uafás custaiméirí in Éirinn ag streachailt chun a gcaighdeán maireachtála a choimeád ag an leibhéal céanna agus iad thíos leis an mbrú ollmhór atá ar an gcostas maireachtála faoi láthair. D'fhéadfaí an t-ioncam a shaothraítear a chur i dtreo cabhrú le daoine leis sin. | Seans go gcuirfí daoine ó infheistiú a dhéanamh i nuálaíocht fuinnimh /nó go dtiocfadh laghdú ar nuálaíocht amach anseo.<br>Má cheaptar go forleathan go bhfuil an-chuid rialachán ar siúl ag an rialtas, seans go gcuirfeadh sé seo cuideachtaí ó infheistiú a dhéanamh i bhforbairt amach anseo.<br>Seans go ndéarfadh na soláthraithe leictreachais go bhfuil sé de cheart acu brabúis a fháil mar chúiteamh ar a gcuid nuálaíochta/ agus is lú an spreagadh a bheidh acu chun nuálaíocht a dhéanamh amach anseo. |
| An dúshaothrú a dhéantar ar chustaiméirí a laghdú.<br>Seans go dtabharfadh PLSanna chun solais go bhfuiltear ag teacht i dtír ar chustaiméirí trí phraghsanna níos airde ná mar is gá a ghearradh. | Bonneagar easnamhach.<br>Dá rachadh infheistíocht i léig seans maith go gcuirfí bac ar fhorbairt. |
| Tacú le gnólachtaí in Éirinn<br>D'fhéadfaí an t-ioncam a shaothraítear a chur i dtreo tacú le gnólachtaí Éireannacha (Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide) atá ag iarraidh dul i ngleic le costais ag dul i méid. | Soláthar fuinnimh neamhiontaofa amach anseo.<br>De dheasca na gcúinsí thuas trí chéile seans maith nach mbeidh soláthar fuinnimh iontaofa againn amach anseo. |
| Córas cánach níos cothroime a bhaint amach.<br>De réir phrionsabail an chánachais ba cheart cánacha a ghearradh ar lucht an rachmais agus an mhaoin sin a athroinnt ar iadsan atá ina gátar. | |

**18**
**1ú @ 8**
**2 @ 5**

**(a)** **33** **(i)**

## Ceist 13

Tarraing léaráid atá lipéadaithe go hiomlán ina dtaispeántar Sreabhadh Ciorclach Ioncaim do gheilleagar oscailte. **13 @ 1**




**(ii)** Mínigh na téarmaí instealltaí agus siltí agus déan tagairt do dhá shampla de gach ceann díobh ó do léaráid thuas.

Is é is instealltaí ann ná athróga i ngeilleagar a chuireann leis an sreabhadh ciorclach d'ioncam. Uaireanta is iad is cúis leis an éileamh comhiomlán dul i méid. Tiocfaidh méadú ar an éileamh comhiomlán de réir an mhéid chéanna a bheadh ann má iolraítear an t-instealladh faoin iolraitheoir. **2**

Samplaí: Caiteachas an Rialtais, Infheistíocht, Easpórtálacha. **2 @ 2**

Is ionann siltí agus úsáidí neamh-thomhaltacha a bhaint as ioncam. Laghdaíonn siad seo an t-airgead atá ar fáil sa gheilleagar trí chéile agus tagann laghdú ar an sreabhadh ciorclach d'ioncaim dá bharr. **2**

Samplaí: Cánachas, Airgead Taisce, Iompórtálacha. **2 @ 2**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | Glacann roinnt saoránach páirt i ngníomhaíochtaí sa gheilleagar folaithe in Éirinn. Tabhair breac-chuntas ar dhá thionchar a bhíonn ag gníomhaíocht sa gheilleagar folaithe ar gheilleagar na hÉireann.<br>• Cailliúint ioncaim don rialtas - i bhfoirm cánacha a d'fhéadfaidís a bhailiú. Caithfidh an stát airgead níos mó a chaitheamh ar bhearta forfheidhmithe.<br>• Méadú ar rátaí andúile / impleachtaí sláinte - ó tharla toitíní a bheith níos saoire, d'fhéadfadh méadú teacht ar líon na ndaoine atá andúil sa tobac acu. Tá impleachtaí aige seo do sheirbhísí sláinte a sholáthar amach anseo.<br>• Laghdú ar ghnó dlisteanach – seans nach mbeadh sé indéanta dul in iomaíocht leis na dreamanna a chuireann seirbhísí ar fáil ar an margadh dubh.<br>• É níos deacra seirbhísí stáit a chur ar fáil – agus níos lú teacht isteach acu, seans nach mbeadh an dara rogha ag an stát ach gearradh siar ar roinnt seirbhísí.<br>• Méadú ar rátaí coireachta: is féidir le roinnt pobal a bheith thíos le coiriúlacht de bharr an mhargaidh le haghaidh drugaí mídhleathacha. | **8**<br>**2 @ 4** |
| **(b)**<br><br>**22** | | Úsáid an t-eolas atá sa tábla thíos, chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt: | |

| | |
|---|---|
| Claonadh Imeallach chun Tomhaltais (MPC) | 0.7 |
| Claonadh Imeallach chun Iompórtála (MPM) | 0.2 |
| Leibhéal Reatha cothromaíochta an Ioncaim Náisiúnta | €500m |
| Leibhéal an Ioncaim Náisiúnta a thabharfadh lánfhostaíocht | €750m |

**(i)** Ríomh an claonadh imeallach chun coigiltis (MPS) don gheilleagar seo. Taispeáin do chuid oibre. — **6** **3 @ 2**

1- MPC
1-0.7
MPS = 0.3

**(ii)** Ríomh luach an Iolraitheora sa gheilleagar oscailte seo. Taispeáin do chuid oibre. — **8** **4 @ 2**

$$\frac{1}{MPS + MPM} = \frac{1}{0.3 + 0.2} = 2$$

**NÓ**

$$\frac{1}{(1 - (MPC - MPM)} = \frac{1}{(1 - (0.7 - 0.2)} = 2$$

**(iii)** Cé mhéad a chaithfidh an rialtas a instealladh isteach sa gheilleagar seo más mian leis go bhfeidhmeodh an geilleagar ag a leibhéal lánfhostaíochta? Taispeáin do chuid oibre. — **8**

€750m - €500m = €250m
250/2 = Instealladh
€125m


| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)** <br><br> **20** | <br><br><br><br><br> **(i)** | Tá ár gcóras cánach ag brath go mór ar líon réasúnta beag fostaithe; is ó 500,000 oibrí agus ó 10 gcuideachta ilnáisiúnta a thagann níos mó ná an tríú cuid dár n-ioncam iomlán cánach. Ráiteas ó Pascal Donohoe faoi Cháinaisnéis 2023 <br><br> Tabhair breac-chuntas ar dhá riosca a bhaineann le bheith ag brath rómhór ar chuideachtaí ilnáisiúnta le haghaidh ioncam cánach na hÉireann. <br><br> • Ioncam cánach a fháil i staid leochaileach: Íocann CINanna tromchuid na cánach corparáide in Éirinn, ach tá an teacht isteach seo an-luaineach go deo. Tá an baol ann go bhfágfadh sé seo ciste an rialtais i ndroch-chaoi dá mbeartódh na gnólachtaí seo tarraingt amach as Éirinn. Bheadh baol níos mó ann go dtarraingeodh an tír seo fiachas mór rialtais reatha uirthi féin. <br><br> • Ní fhéadfaí dul i mbannaí gur féidir seirbhísí stáit a sholáthar i gcónaí: Seans nach mbeidh soláthar seirbhísí rialtais slán i gcónaí má táthar ag brath an iomarca ar an ioncam seo agus ba cheart don rialtas a bheith níos stuama dá réir. <br><br> • Seans go gcuirfí forbairt infreastruchtúir an gheilleagair amach anseo i mbaol: dá mba rud é gur tharraing cuid de na CINanna amach, d'fhéadfadh an titim sa teacht isteach cánach forbairt ár mbonneagair a chur i mbaol. <br><br> • Cur isteach ar fhás eacnamaíoch amach anseo: dá mba rud é gur fhág na CINanna chuirfeadh líon na bpost, an méid ioncam agus na brabúis a chaillfí agus an titim a thiocfadh ar easpórtálacha as go mór d'fhás eacnamaíoch na tíre. Bheadh laghdú ar fhás eacnamaíoch ina shiocair le titim ar mhéid na cánach foriomláine a thógfadh Rialtas na hÉireann isteach. <br><br> • Cailliúint ioncaim chánach: dá mba rud é gur bheartaigh cuid de na CINanna imeacht ó Éirinn, is cinnte go mbeadh tionchar nach beag aige seo ar an ngeilleagar áitiúil agus náisiúnta. Bheadh impleachtaí ag an athlonnú do cháin ioncaim d'fháltais ó chánacha. <br><br> • Tionchair ar fhostaíocht: dá mba rud é gur tharraing na CINanna amach, bheadh dífhostaíocht ollmhór ann tar éis do na gnólachtaí seo athlonnú go tír eile, cor sa scéal a d'fhéadfadh méadú mór a chur ar líon na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh atá le híoc. | **12** <br> **1ú @ 7** <br> **2ú @ 5** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(ii)** | Pléigh dhá thoisc atá ag cur isteach ar chumas iomaíochta na hÉireann go hidirnáisiúnta.<br><br>• Costais iompair: Má tá costas mór ag baint le hiompar (mar atá in Éirinn agus í ina náisiún oileánda), téann an costas a bhaineann le hearraí a tháirgeadh in airde agus praghsanna leis agus téann iomaíochas i léig.<br>• Rátaí Malairte: Dá mba rud é gur lagaigh an euro i gcoinne an phuint, éireodh easpórtálacha limistéar an euro níos tarraingtí do chustaiméirí sa Ríocht Aontaithe.<br>• Costais táirgthe: Má théann costais táirgthe (amhábhair, fuinneamh, árachas) in airde, níos minice ná a mhalairt cuirtear iad seo ar aghaidh chuig an gcustaiméir i bhfoirm praghsanna níos airde, rud a lagaíonn iomaíochas.<br>• Praghsanna réadmhaoine / rátaí boilscithe: Má tá praghsanna i gcoitinne ag dul in airde (tithíocht, fuinneamh), seans maith nach mbeidh tír chomh hiomaíoch céanna dá bharr.<br>• Infheistiú in infreastruchtúr: Bealach amháin chun tír a dhéanamh níos iomaíche ná infheistiú a dhéanamh in infreastruchtúr na tíre sin chun a cumas táirgthe a fhorbairt. I measc na rudaí a d'fhéadfaí a fhorbairt tá mótarbhealaí, calafoirt, leathanbhanda, uisce agus soláthar fuinnimh. Má tá córas infreastruchtúir maith ag tír éiríonn sí níos iomaíche.<br>• Teacht ar lucht saothair atá oilte go cuí: Cuireadh béim ar oideachas eolaíochta agus teicneolaíochta in Éirinn le blianta beaga anuas, rud a fhágann go bhfuil líon mór oibrithe ar fáil do chuideachtaí cógaisíochta agus do ghnólachtaí TFC ar mian leo bheith i mbun gnó anseo.<br>• Rochtain ar mhargaí AE atá saor ó tharaifí: Aon ghnólacht a théann i mbun gnó anseo, beidh rochtain acu ar mhargadh mór an AE. Fágann sé seo gur féidir leo taraifí áirithe a sheachaint más ag easpórtáil chuig ballstáit an AE atá siad. Tugann sé seo buntáiste iomaíoch d'Éirinn.<br>• Rátaí cáin / dreasachtaí atá á dtairiscint: má tá na rátaí cáin agus na dreasachtaí atá á dtairiscint ag Stát na hÉireann níos flaithiúla ná na cinn atá a dtairiscint ag ár n-iomaitheoirí , tugann sé sin buntáiste iomaíoch dúinn. | **8**<br>**2 @ 4** |

## Ceist 14

**(a)** **26**

Taispeántar ar an ngraf thíos an ráta dífhostaíochta míosúil idir mí an Mhárta 2021 agus mí Mheán Fómhair 22.




Curtha in oiriúint ón POS

**(i)** Ón ngraf thuas, déan anailís ar threocht amháin i ráta dífhostaíochta míosúil na hÉireann ó mhí an Mhárta 2021 go mí Mheán Fómhair 2022.

**8 (4+4)**

- Idir mí an Mhárta 2021 agus mí Mheán Fómhair 2022, thit an ráta dífhostaíochta.
  Thit sé ó 7.6% go thart ar 4.4%. Is ionann é seo agus titim de 3.2%.
- Idir mí an Mhárta 2021 agus mí na Bealtaine 2022, thit an ráta dífhostaíochta.
  Thit sé ó 7.6% go thart ar 4.2%. Is ionann é seo agus titim de 3.4%.
- Idir mí na Bealtaine 2022 agus mí Mheán Fómhair 2022, thit an ráta dífhostaíochta.
  D'ardaigh sé ó 4.2% go 4.4%. Is ionann é seo agus ardú de 0.2%.

**(ii)** Is bealach eile é an Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil ar Theaghlaigh chun leibhéal na dífhostaíochta a thomhas. Tabhair dhá chúis a gceaptar go bhfuil an tomhas seo níos cruinne ná na sonraí a bhailítear ón mBeochlár.

Bronn 4 mharc ar gach iarrthóir a thug faoin gceist seo. Suirbhé ar an Lucht Saothair ba chóir a bheith luaite sa cheist, ní Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil ar Theaghlaigh.

**4**

- Cuimsíonn an Beochlár iadsan a fhaigheann páirtíocaíocht leasa shóisialaigh: Tá roinnt daoine ar an mBeochlár fostaithe ach is fostaíocht pháirtaimseartha atá i gceist agus iad fós i dteideal íocaíochtaí leasa shóisialaigh dá réir. Go teicniúil, níl siad as obair ach áirítear iad mar dífhostaithe go hiomlán mar sin féin.
- Fostaíocht lánaimseartha sa gheilleagar faoi cheilt nó sa scáthgheilleagar: Roinnt daoine ar an mBeochlár, is ag obair go lánaimseartha sa gheilleagar faoi cheilt/sa scáthgheilleagar atá siad agus is go mídhleathach a fhaigheann siad íocaíocht leasa shóisialaigh mar sin. Ós rud é go bhfaigheann siad íocaíocht leasa shóisialaigh, áitítear iad mar dífhostaithe.
- Dífhostaithe dá ndeoin féin: Tá roinnt daoine ar an mBeochlár nach bhfuil ar thóir oibre go gníomhach.
- Déanann Suirbhé ar Lucht Saothair suirbhé ar shamplamhéid mór: Déanann an POS suirbhé ar líon mór teaghlach gach ráithe. Go staitistiúil, dá mhéad an tsamplamhéid is ea is cruinne na torthaí.


| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | Déan cur síos ar dhá chineál dífhostaíochta agus tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra.<br><br>• Dífhostaíocht struchtúrach: Tarlaíonn sé seo nuair nach mbíonn scileanna na ndaoine atá dífhostaithe in oiriúint do na poist atá ar fáil. M.sh. nuair nach ann do phoist áirithe a thuilleadh mar gheall ar theicneolaíocht nua.<br>• Dífhostaíocht aimhréireach: Tarlaíonn sé seo nuair ata rudaí i margadh an tsaothair atá ag cur bac ar dhaoine. Bíonn moill ann sula n-aimsíonn duine post nua de ghnáth. Is é sin, duine atá idir poist.<br>• Dífhostaíocht shéasúrach: Is é is brí le seo ná dífhostaíocht a tharlaíonn ag amanna áirithe den bhliain. M.sh. más ag obair san earnáil turasóireachta atá duine, seans go mbíonn sé/sí dífhostaithe i rith an gheimhridh in Éirinn.<br>• Dífhostaíocht thimthriallach: Nuair a bhíonn cúlú eacnamaíochta ann nó má chrapann an geilleagar, téann an t-éileamh ar earraí nó ar sheirbhísí i léig de ghnáth, rud atá in shiocair le dífhostaíocht. M.sh. chaill daoine a bpost le linn na paindéime Covid-19.<br>• Dífhostaíocht institiúideach: baineann sé le dífhostaíocht a eascraíonn as socruithe institiúideacha, m.sh. íosphá ard. | **14**<br>**2@7** |
| **(b)**<br><br>**26** | **(i)** | Mínigh an téarma eacnamaíochta lánfhostaíocht.<br><br>Bíonn lánfhostaíocht ann nuair atá gach duine den lucht saothair atá toilteanach agus in ann obair a dhéanamh fostaithe ag na rátaí pá atá i réim an uair sin. | **6** |
| | **(ii)** | Tá sé mar aidhm ag an rialtas lánfhostaíocht a choinneáil.<br><br>Tabhair breac-chuntas ar dhá aidhm eacnamaíochta reatha eile atá ag an rialtas in 2023 agus cosain do chuid freagraí.<br><br>• Breis tithe a thógáil / easpa dídine a laghdú.<br>• An praghasleibhéal a rialú.<br>• Fás eacnamaíoch inbhuanaithe a bhaint amach.<br>• Inbhuanaitheacht shóisialta a bhaint amach/neamhionannas a laghdú.<br>• Inbhuanaitheacht comhshaoil a bhaint amach.<br>• Forbairt réigiúnach cothrom.<br>• Cur le trádáil idirnáisiúnta/iomaíochas.<br>• Seirbhísí stáit / soláthar seirbhísí stáit bunriachtanacha a amhail seirbhísí sláinte a choinneáil ag an leibhéal céanna.<br>• Infreastruchtúr náisiúnta a fheabhsú.<br>• Cobhsaíocht Fhioscach a choinneáil.<br>• An earnáil airgeadais a choinneáil cobhsaí.<br>• Idirghabháil / rialacháin a dhéanamh chun teipeanna margaidh a mhaolú le linn éigeandálaí náisiúnta. | **8**<br>**2 @ 4** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | Chaith rialtas na hÉireann €8.8bn ar Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime (PUP) in 2021.<br>www.gov.ie<br><br>Úsáid cur chuige costais is tairbhe chun measúnú a dhéanamh ar cé a fuair an tairbhe phríobháideach, an tairbhe sheachtrach agus cé a sheas costais na scéime.<br><br>Sochar príobháideach<br>• Fuair daoine ar fágadh dífhostaithe iad ioncam bunúsach le go bhféadfaidís greim a choinneáil faoin bhfiacail /<br>fuair saoránaigh airgead le caitheamh ar earraí/ar sheirbhísí.<br><br>Sochar seachtrach<br>• Fuair an rialtas ioncam cánach ó shaoránaigh ag caitheamh airgid ar earraí/ar sheirbhísí.<br>• Toisc go raibh airgead á chaitheamh i gcónaí, bhí roinnt gnólachtaí in ann fanacht oscailte.<br><br>Cé a bhí thíos leis an gcostas<br>• B'éigean don rialtas airgead a fháil ar iasacht chun íoc as an scéim, cuid den iasacht ag teacht ó institiúidí Eorpacha.<br>• Beidh ar cáiníocóirí Éireannacha íoc as amach anseo. | **12**<br>**3 @ 4** |
| **(c)**<br><br>**23** | | Sna 1950idí agus sna 1960idí bhí ráta an-ard dífhostaíochta in Éirinn. Le linn na tréimhse sin bhí lucht déanta beartais i bhfabhar cosaint trádála. | |
| | **(i)** | Mínigh an téarma eacnamaíochta cosaint trádála.<br>• Agus seans ann go mbeidh forchur taraifí i gceist, is é is cosaint trádála ann ná beartais rialtais a fhéachann le trádáil idirnáisiúnta a laghdú/srian a chur uirthi d'aon ghnó sa tsúil go gcosnófaí táirgeadh agus fostaíocht intíre ar an gcaoi sin. | **7** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(ii)** | Tá tíortha áirithe anois i bhfabhar filleadh ar bhearta cosanta trádála.<br>Déan plé ar dhá chúis eacnamaíochta a bhfuil tíortha i bhfabhar filleadh ar chosaint trádála.<br><br>• Laghdú ar líon na siltí ón sreabhadh ciorclach d'ioncaim: nuair a cheannaímid impórtálacha, ní fhanann an t-airgead sa tír bhaile ach téann sé chun sochair d'ioncam náisiúnta na tíre nó na dtíortha óna bhfuilimid ag ceannach.<br>• Fostaíocht intíre a chosaint: braithfear níos mó ar earraí a dhéantar sa tír. Cabhróidh sé seo le daoine a choimeád ag obair sa gheilleagar intíre.<br>• Truailliú a laghdú: caithfear earraí a iompar de ghnáth, rud a dhéanann dochar don timpeallacht. Seans go laghdóidh cosaint trádála an dochar seo.<br>• Gan bheith ag brath chomh mór sin ar mhargaí eachtracha: fágann cosaint trádála nach bhfuilimid i dtuilleamaí chomh mór sin ar thíortha eile le haghaidh earraí nó seirbhísí.<br>• Cúiseanna polaitiúla / straitéiseacha Tá roinnt smachtbhannaí agus srianta tagtha i bhfeidhm ar thrádáil mar gheall ar chinntí polaitiúla amhail an Breatimeacht nó mar fhreagairt ar an gCogadh san Úcráin. | **8**<br>**2 @ 4** |
| | **(iii)** | Tabhair breac-chuntas ar dhá mhíbhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ag cosaint trádála.<br><br>• An baol ann go n-éireodh dul chun teicneolaíochta marbhánta: ó tharla nach gá do tháirgeoirí intíre a bheith buartha faoi iomaíocht ón gcoigríoch, níl aon spreagadh acu chun dul i mbun nuálaíochta nó acmhainní a chaitheamh ar thaighde agus ar fhorbairt (T&F) chun táirgí nua a cheapadh.<br>• Rogha laghdaithe do chustaiméirí Níl an oiread sin earraí le fáil do chustaiméirí sa mhargadh de bharr na srianta atá ar earraí eachtracha.<br>• Méadú ar phraghsanna (cheal iomaíochta): cé go mbeidh ar chustaiméirí níos mó a íoc i leith táirge ní fheicfidh siad aon fheabhas rómhór ann.<br>• Laghdú ar fhás eacnamaíoch: Má bhíonn cosaint trádála ar siúl ag go leor tíortha, laghdaíonn sé seo gníomhaíocht eacnamaíoch trí chéile agus tá sé mífhabhrach d'fhás / d'fhéadfadh sé cur isteach ar ionchais fostaíochta.<br>• Scoiteacht eacnamaíoch: is minic a eascraíonn scoiteacht pholaitiúil agus chultúrtha aisti, rud a chothaíonn níos mó scoiteachta eacnamaíche arís. Dá gcuirfí bearta cosanta trádála i bhfeidhm d'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le frithbheartaíocht eacnamaíoch agus cogaí trádála. | **8**<br>**2 @ 4** |

## Ceist 15

Taispeántar sa léaráid thíos an meánphraghas ar leictreachas a gearradh ar theaghlaigh in Éirinn.




**Arna chur in oiriúint ó seai**

**(a)**

**33**

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar aon phríomhthreocht amháin i bpraghsanna leictreachais ar an ngraf thuas **agus** mínigh an dóigh a raibh tionchar aige sin ar chustaiméirí in Éirinn. **6**

Is treocht aníos atá le sonrú ar an iomlán ó S1 2020 go S1 2022.
Téann praghsanna leictreachais in airde ó €21/€22 in aghaidh na cileavatuaire go €26/€27 in aghaidh na cileavatuaire.

Nó treocht aonair + figiúirí: 2021 S2 go 2022 S1

Tionchar ar iompraíocht custaiméirí:

- Gan an oiread sin cumhacht ceannaigh acu: Laghdaíonn boilsciú cumas duine airgead a chaitheamh. Titeann caighdeáin mhaireachtála de dheasca praghsanna a bheith ag dul in airde agus téann fíorphánna síos.
- Bíonn custaiméirí ar ioncam seasta thíos le titim ina gcaighdeán maireachtála: Iad siúd atá ar ioncam seasta. m.sh. iadsan atá ag brath ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh, feicfidh siad titim ina gcaighdeán maireachtála toisc gur lagaíodh a gcumhacht cheannaigh.
- Níl an chumhacht cheannaigh céanna ag airgead taisce: Tarlóidh sé seo má tá an ráta boilscithe níos airde ná an ráta úis ar airgead taisce. Laghdaíonn sé seo an fonn chun airgead a chur i dtaisce.
- Laghdaítear an t-ualach fiachais: Déantar iarrachtaí daoine a spreagadh chun airgead a fháil ar iasacht le linn amanna boilscithe toisc go bhfuil sé níos éasca an fiach a aisíoc tar éis na tréimhse boilscithe.
- Ní mór d’fhreagraí tagairt a dhéanamh do na sonraí chun lánmharcanna a fháil.

**(ii)** Déan idirdhealú idir boilsciú de bharr tarraingt éilimh agus boilsciú de bharr costbhrú. **8** **4+4**

- Tarlaíonn boilsciú de bharr costbhrú nuair a chuirtear méaduithe ar an gcostas táirgthe ar aghaidh chuig custaiméir an táirge deiridh i bhfoirm praghsanna níos airde.

- Tarlaíonn boilsciú de bharr tarraingt éilimh nuair a bhíonn an t-éileamh (comhiomlán) níos mó ná an soláthar (comhiomlán) d'earraí agus de sheirbhísí sa gheilleagar, rud a chuireann brú aníos ar phraghsanna.

**(iii)** Taispeántar sa tábla thíos praghasinnéacs ilchodach tíre bunaithe ar na catagóirí caiteachais seo a leanas: bia; iompar; agus earraí eile. Agus úsáid á baint agat as an eolas sa tábla thíos, ríomh an praghasinnéacs don bhliain reatha. Is é 100 an bonnluach. Taispeáin do chuid oibre. **19**


| Catagóir | % d'ioncam a caitheadh ar earra(í) (ualach) | Praghas an earra/na hearraí sa bhonnbhliain € | Praghas an earra/na hearraí sa bhliain reatha € | Ríomh an Praghasinnéacs Simplí | Meáchan | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Bia | 60% | 50 | 55 | $\frac{55}{50} \times 100 = 110$ | x 60% | = 66.0 |
| Feidhm iompair | 25% | 20 | 24 | $\frac{24}{20} \times 100 = 120$ | x 25% | = 30.0 |
| Earraí eile | 15% | 75 | 81 | $\frac{81}{75} \times 100 = 108$ | x 15% | = 16.2 |
| | 100% | | | | Praghasinnéacs do bhliain reatha Bliain | 112.2 |

**(b) 22** **(i)** Ról amháin atá ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ná beartas airgeadaíochta a cheapadh do limistéar an euro.

Mínigh an téarma beartas airgeadaíochta. **8**

Is é is beartas airgeadaíochta ann ná aon ghníomh a dhéanann an Banc Ceannais Eorpach a mbíonn tionchar aige ar rátaí úis, ar sholáthar airgid agus ar infhaighteacht creidmheasa do limistéar an euro.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(ii)** | An gcuireann an treocht ar an ngraf thíos in iúl go bhfuil luach an Euro (€) ag ardú nó ag titim i gcoinne an phuint steirling (£)? Ardú luacha: Dímheas: | |




Freagra: Dímheas

Míniú: Idir 01/09/2022 agus 01/11/2022 titeann ráta comhshó an Euro i gcoinne an Phuint Steirling ó 0.90 go 0.86.
Fágann sé seo gur lú luach gach Euro anois is é sin, 86 pingine seachas 90 pingin. **6**

**(iii)** Ar cheart do Rialtas na hÉireann a bheith buartha dá mba rud é go raibh ráta malairte an Euro go dtí an Dollar ag ardú? Ba cheart: ☐ Níor cheart: ☐
Cosain do fhreagra.

Ceapaim **8**

Rachaidh praghsanna iompórtálacha síos . Seans go mbeadh níos mó tóir ar iompórtálacha de bharr seo / Beidh sé ina chúis le níos mó siltí ó shreabhadh ciorclach d'ioncaim (ós rud é go mbeidh cumhacht cheannaigh níos mó ag ár n-airgeadra i gcomparáid le hairgeadraí eile).

Nó

Seans go n-easródh easnaimh sa trádáil/fás eacnamaíoch laghdaithe as.
Agus suimeanna níos mó á gcaitheamh ar iompórtálacha chomh maith le níos mó iompórtála a bheith ar siúl, seans go dtiocfadh ann d'easnamh trádála, rud a bheadh ina chúis le titim san éileamh comhiomlán trí chéile.

Rachaidh praghas na n-easpórtálacha in airde. Seans go mbeadh earraí agus seirbhísí Éireannacha níos costasaí thar lear dá dheasca, rud a laghdódh an t-éileamh ar easpórtálacha ó Éirinn.


**NÓ**

Ní cheapaim

Cumhacht cheannaigh / caighdeán maireachtála níos fearr ag muintir na hÉireann. Agus é d'acmhainn ag muintir/gnólachtaí na hÉireann earraí/amhábhair a cheannach ó thar lear, seans go gcuirfeadh sé seo feabhas ar a gcaighdeán maireachtála.

Maolú ar bhrúnna boilscithe: Agus gan an oiread sin tóir ar easpórtálacha fad is atá éileamh níos mó ar iompórtálacha, seans go maolódh sé seo na brúnna boilscithe ar gheilleagar na hÉireann.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)**<br><br>**20** | **(i)** | I gCáinaisnéis 2023 thug Rialtas na hÉireann isteach creidmheas leictreachais de €600 do gach teaghlach.<br><br>Mínigh an phríomhchúis eacnamaíochta a bhí leis an idirghabháil thuas a rinne an rialtas.<br><br>• Cabhrú le saoránaigh na hÉireann teacht slán ón ngéarchéim atá ann maidir leis an gcostas maireachtála/ó bhrúnna boilscithe.<br>• Iadsan ar ioncam seasta a chosaint ós iad is mó atá thíos leis.<br>• Féachaint chuige nach dtitfidh caighdeán maireachtála saoránach fiú má tá orthu an ardú iomlán ar phraghsanna leictreachais a íoc.<br>• Gnólachtaí a chosaint ar na harduithe ar chostais atá ag teacht go tiubh.<br>• Cliseadh margaidh: brabúis as cuimse á saothrú trí theacht i dtír ar chustaiméirí. Má táthar chun acmhainní a athroinnt beidh gá le hidirghabháil ón rialtas. | **7** |
| | **(ii)** | Tabhair breac-chuntas ar míbhuntáiste eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an idirghabháil rialtais sin.<br><br>• Deischostas: tagann an caiteachas seo ó chiste an rialtais agus d'fhéadfaí é a úsáid chun críche eile.<br>• Ní dhearnadh tástáil maoine air: níl íocaíochtaí uilíocha den chineál seo cothrom ós rud é go bhfaighidh roinnt daoine í nach bhfuil ina gátair.<br>• D'fhéadfaí níos mo iasachtaí a fháil ná mar atá ciallmhar: agus is ar na glúnta atá le teacht a thitfeadh sé é a aisíoc.<br>• Seans nach mbeadh muinín ag CINanna as beartas fioscach an rialtais: más eagal leo go ngearrfaí cánacha amhantair chun an idirghabháil seo a mhaoiniú.<br>• Seans go bhfuil sé i ndán do ghnólachtaí leictreachais brabúis mhóra a thuilleamh go ceann i bhfad: seans gur féidir rialacháin níos fearr a chur i bhfeidhm ina leith, rud a laghdódh praghsanna leictreachais agus ní bheadh an oiread gá leis an gcreidmheas seo dá bharr. | **7** |
| | **(iii)** | An dóigh leat go spreagann an idirghabháil rialtais thuas úsáideoirí leictreachais chun a n-úsáid leictreachais a laghdú? Is dóigh liom: ☐ Ní dóigh liom: ☐<br><br>Freagra: Uimhir<br><br>Míniú: Ó tharla gur féidir le custaiméirí leanúint den mhéid céanna/den mhéid céanna geall leis d'leictreachas a cheannach gan níos mó caiteachais a thabhú, seans maith nach n-éireoidh siad as an méid céanna leictreachais a úsáid. Beag beag beann ar phraghsanna a bheith ag dul in airde, braithfidh siad go bhfuil an sochar leictreachais ón rialtas ina chosaint dóibh. | **6** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(a)**<br><br>**28** | | **Ceist 16** | |
| | **(i)** | Déan idirdhealú idir na téarmaí eacnamaíochta éileamh aonair agus éileamh an mhargaidh.<br><br>• Tagraíonn Éileamh an Duine Aonair don mhéid earra nó seirbhíse atá an custaiméir aonair sásta a cheannach ag praghsanna éagsúla.<br>• Tagraíonn Éileamh an Mhargaidh don mhéid earra nó seirbhíse atá gach custaiméir sásta a cheannach i margadh ag praghsanna éagsúla. | **4** |
| | **(ii)** | Chuir Rialtas na hÉireann saoriompar scoile ar fáil don scoilbhliain 2022/2023. Taispeáin, agus léaráid atá lipéadaithe go hiomlán á húsáid agat, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an scéim nua sin ar chothromaíocht an mhargaidh do charranna peitril/díosail.<br><br><br><br>• De réir a chéile bogfaidh an cuar soláthair ar chlé ó $D_1$ go $D_2$.<br>• Cén fáth? Is earraí ionaid iad busanna le haghaidh gluaisteán. Beidh níos lú gá ag roinnt teaghlach le gluaisteán ó tharla teacht a bheith acu ar iompar scoile. Iompóidh siad ar shaorthaisteal.<br>• Tiocfaidh laghdú ar an bpraghas cothromaíochta ó $P_1$ go $P_2$.<br>• Tiocfaidh laghdú ar an gcainníocht cothromaíochta ó $Q_1$ go $Q_2$. | **4**<br><br>**7**<br><br>**8** |
| | **(iii)** | Mar thoradh ar thabhairt isteach thapa na scéime sin cruthaíodh riaráiste de 6,000 ticéad bus go déanach i mí Mheán Fómhair 2022 i ndiaidh oscailt na scoileanna.<br><br>An léiríonn an riaráiste sin gur theip ar an rialtas? Mínigh do fhreagra.<br><br>Léiríonn:<br><br>De bharr na hidirghabhála seo ón rialtas, d'éirigh an margadh níos éagothroime do roinnt custaiméirí nach raibh teacht acu ar iompar scoile mar gheall ar mhí-éifeacht an rialtais. | **5** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(b)**<br><br>**23** | <br><br><br><br><br><br><br><br><br>**(i)**<br><br><br><br><br><br><br><br>**(ii)** | In 2006, dhiúltaigh Trafigura, an chuideachta ilnáisiúnta a thrádálann in ola, tairiscint ó chuideachta dhiúscartha déileáil lena dramhaíl nimhiúil go sábháilte san Ísiltír ar phraghas thart ar US$620,000.<br><br>Ina ionad sin, fuair siad cuideachta logánta a dhumpáil í go mídhleathach sa Côte d'Ivoire ar phraghas de US$17,000 agus mar thoradh air sin d'fhág siad níos mó ná 100,000 duine logánta agus cúnamh leighis de dhíth orthu.<br>Arna chur in oiriúint ó amnesty.ie<br><br>An léiríonn seo cliseadh margaidh? Cosain do fhreagra.<br><br>Freagra: Ceapaim<br><br>Míniú: Bíonn cliseadh margaidh ann nuair atá an sásra praghsanna sa saormhargadh ina shiocair le hacmhainní a leithdháileadh go mí-éifeachtach / go héagothrom.<br><br>Bhí táirgeadh na n-earraí seo ina shiocair le seachtrachtaí diúltacha do thríú páirtithe leithéidí na daoine nach raibh páirteach i dtáirgeadh nó in úsáid na n-earraí seo ach atá thíos leis na drochiarmhairtí a d'eascair as ó thaobh truaillithe agus drochshláinte de.<br><br>Rinneadh dlí den Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022 i mí Iúil 2022. Tá sé mar aidhm ag an ngeilleagar ciorclach aistriú ón ngnáthgheilleagar atá bunaithe ar 'thógáil, déanamh, dramhaíl'.<br><br>Tabhair breac-chuntas ar dhá cheann de na **dúshláin** a bheidh roimh an ngeilleagar agus tacaíocht á tabhairt don aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach in Éirinn.<br><br>• Dearcthaí agus iompar na gcustaiméirí: i gcás cuid mhaith custaiméirí, tá leisce orthu/níl siad ar an eolas faoi na bealaí ina gcuireann siad leis an gcur chuige caifeach ar a bhfuil ár ngeilleagar bunaithe le fada an lá.<br><br>• Ní foláir a chur ar a súile do chustaiméirí an praghas iomlán a bhaineann le táirgí / seirbhísí agus praghas a ghearradh orthu ina gcuirtear é sin san áireamh. Seans go mbeidh custaiméirí doicheallach roimh phraghsanna níos airde.<br><br>• Cuspóirí an Rialtais: má tá an rialtas lándáiríre faoi gheilleagar ciorclach a bhaint amach nach bhfuil meáite ar theacht i dtír ar dhaoine ná ar dhúshaothrú á dhéanamh ar an ndúlra, beidh orthu an sprioc ar a bhfuil roinnt dár gcuspóirí a athrú. Is iad gnáthdhaoine agus an dúlra a bheidh thíos leis más é fás eacnamaíoch bun agus barr gach rud.<br><br>• Modhanna táirgthe gnó: caithfidh gnólachtaí athrú chun feabhais a dhéanamh ar a gcuid modhanna táirgthe, a gcuid modhanna dáilte, a n-ionchais díolacháin chomh maith le modhanna a thabhairt isteach chun fad a chur le saolré a gcuid táirgí agus na bealaí ina ndéanann siad díobháil don timpeallacht a laghdú. Maidir leis na hiarrachtaí atá ar bun ag gnólachtaí chun dul i ngleic le cruthú dramhaíola, seans go gcuirfidh siad leis na costais agus ní bheidh fonn ar ghnólachtaí tabhairt faoi dá bharr. | <br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>**5**<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>**8**<br>**2 @ 4** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(iii)** | Ar an meán tá teaghlaigh in Éirinn freagrach as 117 kg de dhramhbhia. Tá na costais do theaghlaigh idir €400 agus €1000 in aghaidh na bliana é sin.<br><br>Déan cur síos ar thionscnaimh a bhféadfadh rialtas na hÉireann tabhairt fúthu chun dul i ngleic le fadhb an dramhbhia.<br><br>• Feachtais feasachta poiblí. Má dhéantar rud éigin fónta faoi chur amú bia sa teaghlach, tarraingeoidh sé seo aird an phobail go mór ar shaincheisteanna comhshaoil agus sóisialta a bhaineann le bia a chur amú; agus feicfear méadú nach beag ar líon na ndaoine a bhfuil rud éigin fónta á dhéanamh acu faoi, agus seans maith go mbainfí amach an sprioc náisiúnta de chur amú bia a laghdú 50% faoi 2030.<br><br>• Breis maoinithe a thabhairt do carthanachtaí dramhbhia. Mar shampla, tá Food Cloud tar éis breis agus 201.3 milliún béile a athdháileadh in Éirinn & go hidirnáisiúnta ó 2013 i leith.<br>D'éirigh leo bac a chur ar chruthú 270,576 tonna de CO2-choibhéis tar éis dóibh 84,555 tonna bia a shábháil ó bheith curtha amú.<br><br>• Cláir Choiscthe i leith Cur Amú Bia 2021 - 2027. Féachann an feachtas coiscthe náisiúnta i leith cur amú bia le leas a bhaint as comhoibriú, tionchar, agus tomhas chun an beart a dhéanamh. Féachann an clár le hathrú chun feabhais a dhéanamh ar thrí réimse thábhachtacha. Is iad sin: Teaghlach, Slabhra Soláthair agus Fáilteachas.<br><br>• Taighde. Agus í á maoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, déanann an GCC clár taighde a bhainistiú le bheith mar thaca eolaíoch bunriachtanach faoi fhorbairt agus faoi chur chun feidhme beartas chomhshaoil agus faoi dhéanamh cinntí i gcoitinne. Tá an Creat Taighde 2021 go 2030 de chuid an GCC bunaithe ar cheithre mhol taighde idirnasctha, arb é 'Geilleagar Éiceabhách Ciorclach a Éascú' ceann acu.<br><br>• Tobhach a thabhairt isteach ar araidí diúscartha dramhaíola: seans go spreagfadh sé seo roinnt teaghlach chun múirín a dhéanamh dá ndramhbhia agus gan an oiread sin bia a chur amú / machnamh a dhéanamh faoin méid dramhaíola a chruthaíonn siad.<br><br>• D'fhéadfadh údaráis áitiúla saoráid dramhaíola múirín a chur ar fáil: i gceantair áitiúla chun pobail a spreagadh chun múiríniú a dhéanamh agus múirín a sholáthar le hé a úsáid sa bhaile. | **1ᵘ @ 6**<br>**2ᵘ @ 4** |

| (c) | | | |
|---|---|---|---|
| **24** | **(i)** | Dar leis an Teachta Dála Barry Cowen gur “áiféiseach” an argóint í go gcaithfeadh ‘tionscal na talmhaíochta an tréad náisiúnta (an tréad déiríochta agus an tréad mairteola) a laghdú chun a chion a dhéanamh.<br><br>Is argóint chonspóideach í an argóint i bhfabhar laghdú a dhéanamh ar an tréad náisiúnta (an tréad déiríochta agus an tréad mairteola).<br><br>Tabhair breac-chuntas ar na hargóintí i bhfabhar agus i gcoinne an mholta sin.<br><br>Ar a shon:<br><br>• Tá meath tagtha ar thionscal mairteola in Éirinn agus é ag brath ar fhóirdheontais rialtais le teacht slán chomh maith le bheith ar cheann de na foinsí is mó de gháis cheaptha teasa.<br>• Costais creidmheasa astaíochta. Is ar cháiníocóirí na hÉireann a thiteann sé costas nach beag a íoc toisc nár baineadh amach spriocanna na tíre i leith astaíochtaí a laghdú agus nár ceannaíodh creidmheasanna astaíochta ina leith ach an oiread. Ghearr an AE pionóis airgeadais ar Éirinn toisc go ndearna sí faillí ina dualgas spriocanna comhshaoil a bhaint amach.<br>• Tagann 32% d’astaíochtaí iomlána na tíre ón dtalmhaíocht. Le gur féidir ár spriocanna foriomlána a bhaint amach, caithfidh réimsí tábhachtacha amhail talmhaíocht a bheith i gcroílár chur chuige an rialtais.<br>• Inbhuanaitheacht Comhshaoil. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 treochlár chun gníomh cinntitheach a dhéanamh chun ár n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú faoi leath faoi 2030 agus chun neodracht carbóin a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050. Is é an sprioc foriomlán atá le baint amach i leith astaíochtaí ón dtalmhaíocht ná laghdú ó 22 go 30 faoin gcéad faoi 2030.<br><br>Ina choinne:<br><br>• Geilleagar na tuaithe a chosaint. D’fhéadfaí an cás a dhéanamh go bhfuil claonadh uirbeach vs tuaithe ann sna hidirghabhálacha seo ós iad na feirmeoirí tuaithe is mó a bheidh thíos leis na beartais seo agus gur beag tionchar a bheidh acu ar mhuintir na cathrach.<br>• Cur chuige éagothrom. Cé go bhfuil an talmhaíocht ar cheann de na foinsí is mó de gháis cheaptha teasa sa tír seo, ní hí an foinse is mó. Mar shampla, in 2021 tháinig 38% de na hastaíochtaí gáis cheaptha teasa ginte in Éirinn ó bhreoslaí iontaise ar dhóigh an earnáil neamh-ETS, tithe agus gluaisteáin cuir i gcás, iad. Tá Aerfort Bhaile Átha Cliath ar cheann de na foinsí is mó de gháis cheaptha teasa ach, in ainneoin sin, tá sé beartaithe é a mhéadú amach anseo.<br>• Teicneolaíocht agus modheolaíochtaí maolaitheacha nua. Ba chuachroíoch an mhaise dúinn leanúint ar aghaidh le leath an tréada a mharú gan triail a bhaint as modheolaíochtaí agus as teicneolaíochtaí eile ar dtús.<br>• Praghsanna ag titim san earnáil déiríochta. Laghdófar teacht isteach feirmeoirí déiríochta mar gheall ar an laghdú ar phraghas an bhainne a tharla in 2023.<br>• Drochthionchar ar easpórtálacha ó Éirinn: má laghdaítear an tréad seans maith go dtiocfadh laghdú ar líon na n-easpórtálacha, rud a laghdóidh an sreabhadh ciorclach d’ioncaim.<br>• Cur Isteach ar fhostaíocht: gach seans go laghdófar táirgeadh táirgí déiríochta má laghdaítear an tréad agus cruthóidh sé seo dhífhostaíocht. | **1ú @ 7**<br>**2ú @ 5** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(ii)** | Táthar chun an Scéim Éarlaise agus Aisíoca a thabhairt isteach arís i mí Feabhra 2024. Íocfaidh duine ar bith a cheannóidh deoch éarlais bheag ar an mbuidéal plaisteach nó ar an gcanna. Gheobhaidh custaiméirí a gcuid airgid ar ais nuair a thabharfaidh siad an gabhdán ar ais chuig an miondíoltóir nó chuig ionad bailiúcháin eile le haghaidh athchúrsála.<br><br>Tabhair breac-chuntas ar dhá thionchar is dócha a bheidh ag tabhairt isteach na Scéime Éarlaise agus Aisíoca ar thomhaltóirí na hÉireann.<br><br>• Spreagfaidh sé custaiméirí chun na coimeádáin seo a thabhairt ar ais / cuirfidh sé borradh faoi athchúrsáil: le gur féidir le táirgeoirí buidéil nua a dhéanamh as seanbhuidéil agus cannaí nua as sean-channaí, rud a laghdóidh dramhaíl:<br>• Ní ídeofar acmhainní tearca chomh mór sin: chomh fada agus a bhaineann sé leis an méid plaistigh /alúmanaim agus fuinnimh a úsáidtear chun na táirgí seo a dhéanamh.<br>• Ní bheidh an oiread sin bruscair caite ar fud áiteanna poiblí: rud a fhónfaidh don bhonneagar sóisialta / a fhágfaidh nár ghá an oiread sin airgid a chaitheamh ar ghlanadh suas.<br>• Ár spriocanna comhshaoil a d'aontaíomar leis an AE a bhaint amach: cuideoidh an scéim le custaiméirí in Éirinn spriocanna comhshaoil AE a bhaint amach: rud a fhágfaidh go mbeidh brú /grinnscrúdú níos lú ann ón AE.<br>• Seans nach mbeadh an oiread sin éilimh ar na táirgí seo: de réir mar a tháinig ardú ar an bpraghas, seans gur chuir sé seo roinnt custaiméirí in Éirinn ón táirge a cheannach. | **1ú @ 7**<br>**2ú @ 5** |

## Dréacht - Ardleibhéal Eacnamaíocht Tionscadal Taighde Scoláire

Sula tosaítear marcáil léigh an Staidéar Fiosrúcháin Aonarach iomlán chun eolas a chur ar an ábhar atá le marcáil.

**Tabhair faoi deara: Bí cúramach gan phionós a thabhairt do ghontacht ealaíonta, nó chun duais a thabhairt d'fhad míchuibhiúil.**
**Ba chóir go bhfuil na tuairisceoirí seo léirmhínithe i gcomhthéacs dúshláin agus éilimh an fhiosrúcháin a roghnaigh an t-iarrthóir.**

| Roinn | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| **Réamhrá**<br><br>LOI (Gné Fiosrúcháin) | Tá LOI ráite go soiléir, mar cheist/fadhb/deacracht le dul i ngleic le agus tá sé ábhartha leis an téama.<br>Tá na haidhmeanna leagtha amach go h-an soiléir (SLACHTMHAR) agus de réir an ghné fhiosrúcháin a roghnaítear agus Torthaí Foghlama na Sonraíochta. | Leibhéal an-mhaith d'fhreagra. Tá an LOI ciallmhar.<br>Tá na haidhmeanna soiléir go leor agus i gcomthéacs.<br>Iarracht an-mhaith ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. | Maith ach easpa struchtúr.<br>Iarracht mhaith ar nascadh an LOI leis an téama ach níl doimhneacht nó struchtúr ann.<br>Tá na haidhmeanna doiléir agus tá cuid acu nach bhfuil i gcomhthéacs.<br>Iarracht mhaith ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. | Leibhéal an-bhunúsach d'fhreagra.<br>Nascadh an-íseal don LOI leis an téama nó na Torthaí Foghlama.<br>Má chuirtear aidhmeanna ar fáil, cuirtear aidhmeanna an-íseal ar fáil. | Níl an ghné fhiosrúcháin ábhartha leis an téama nó an t-ábhar.<br>Níl nasc ann leis na Torthaí Foghlama. |
| **10 marc** | **9-10** | **7-8** | **5-6** | **3-4** | **0-2** |
| **Fianaise ar shonraí:**<br>**5 mharc** | **5** | **Bain 1 mharc muna bhfuil sonraí cainníochtúil ann.** | **Bain 1 mharc muna bhfuil 2 foinse san áireamh.** | | |

| An Próiseas Taighde<br>40 marc | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Sármhaith**<br>**9-10** | **An-mhaith**<br>**7-8** | **Maith**<br>**5-6** | **Réasúnta**<br>**3-4** | **Lag**<br>**0-2** |
| **Úsáid & Anailís** | Úsáid sonrach do phríomh choincheapa agus teoiric leis an LOI.<br>Anailís criticiúil domhain do LOI atá ábhartha leis na coincheapa agus teoiric atá in úsáid.Anailís criticiúil agus géarchúiseach do na foinsí eolais agus sonraíochta atá in úsáid. | Úsáid ábhartha an-mhaith do phríomh choincheapa agus teoiric leis an LOI.<br>Anailís criticiúil an-mhaith do na foinsí eolais agus sonraíochta atá in úsáid. | Úsáid ábhartha maith do phríomh choincheapa agus teoiric leis an LOI.<br>Anailís maith do na foinsí eolais agus sonraíochta atá in úsáid. | Úsáid bunúsach d'choincheapa agus teoiric eacnamaíochta leis an ghné fhiosrúcháin.<br>Anailís bunúsach don eolas agus sonraí atá in úsáid. | Úsáid ar bith d'choincheapa agus teoiric eacnamaíochta leis an ghné fhiosrúcháin. Is féidir go mbeidh coincheapa agus teoiric neamhábhartha leis an ghné fhiosrúcháin. Tá anailís na bhfoinsí eolais agus sonraíochta má úsáidtear iad an-íseal agus neamhábhartha. |
| **Léirmhínigh & Luacháil** | Aistriú agus luacháil iontach agus eolach ar shonraí, coincheapa agus teoiric eacnamaíochta bainteach leis an LOI. | Léirmhínítear agus déantar anailís ar coincheapa eacnamaíochta, teoiric, agus sonraí ar chaighdeán an-ard. | Léirmhíniú agus luacháil maith do choincheapa eacnamaíochta, teoiric, agus sonraí. | Tá an taighde atá déanta ar an ghné fhiosrúcháin olc agus mar sin de tá caighdeán aistrithe agus luachála an-íseal.Is féidir go mbeidh cuid don anailís mícheart. | Roghnú an-íseal d'fhoinsí taighde. Bunúsach mura bhfuil léirmhíniú nó luacháil. Taighde neamhábhartha leis an ghné fhiosrúcháin. |
| **Argóintí & Breithiúnais** | Déantar luacháil agus ceistiú ar argóintí agus breithiúnais eolacha iontacha ar dóigh oibiachtúil agus déantar iad a nascadh go soiléir le coincheapa agus teoiric eacnamaíochta agus a thacú le sonraí/learaídí/cuair cuí. | Déantar anailís eolach an-mhaith ar argóintí agus breithiúnais. Cuirtear argóintí agus breithiúnais cuí an-mhaith d'chineál éigean chun tosaigh le cuid acu tacaithe ag coincheapa eacnamaíochta, teoiric, sonraí/léaráidí/cuair. | Cuirtear argóintí agus breithiúnais cuí maithe d'chineál éigean chun tosaigh le cuid acu tacaithe ag coincheapa eacnamaíochta, teoiric, sonraí/léaráidí/cuair. | Argóintí an-teoranta agus/nó cuirtear breithiúnais chun tosaigh le cuid acu ábhartha go neamh-shoiléir. | Ní chuirtear aon argóint nó breithiúnais ar fáil. |
| **Sonraí (Úsáid & Anailís)** | Tá na sonraí atá in úsáid cuí, cruinn, anailísithe go criticiúil, léirmhínithe agus a luacháil go domhain i gcaighdeán an-ard. | Déantar anailís, léirmhíniú agus luacháil ar shonraí ag caighdeán an-ard. | Déantar beagáinín anailís, léirmhíniú agus luacháil ar shonraí ag leibhéal maith. Easpa doimhneacht. | Caighdeán íseal do thaighde ar shonraí, déantar cuid acu a anailísiú go cruinn ach cuid acu feidhmithe go míchruinn agus neamhábhartha. | Tá na sonraí má tugtar iad neamhábhartha agus seanaimseartha. |
| **Próiseas** Taighde **Marc Iomlán** | **36-40** | **28-35** | **20-27** | **19-12** | **0-11** |

| | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| **Conclúid** | Breithiúnais/conclúidí an-eolach, cuí & cruthaithe atá bunaithe go soiléir & follasach ar an anailís & luacháil don fhianaise a bhaineann le coincheapa & teoiric.<br><br>Baintear aidhmeanna beartaithe amach & déantar moltaí cruthaithe ábhartha.<br><br>Gné fiosrúcháin ábhartha nua molta a tháinig ó anailís an taighde. | Conclúid eolacha bunaithe go soiléir ar anailís agus luacháil na fianaise le nasc soiléir chuig coincheapa & teoiric.<br><br>Cuirtear aidhmeanna beartaithe in iúl & baintear an méid is mó dóibh amach. Moltaí ábhartha déanta.<br><br>Moltar ceist ábhartha/gné fiosrúcháin cineál nua. | Déantar conclúidí d'chineál éigean bunaithe ar an anailís agus luacháil le roinnt fianaise go bhfuil siad beagáinín nasctha le coincheapa & teoiric.<br><br>Baintear an méid is mó d'aidhmeanna beartaithe amach agus déantar roinnt moltaí a thabhairt. | Déantar roinnt moltaí a thabhairt ach níl mórán fianaise chun tacaíocht a thabhairt dóibh. Is féidir go bhfuil iad seo bunaithe ar ábhar neamhábhartha.<br><br>Cuirtear roinnt do na haidhmeanna beartaithe in iúl go pointe. Athchúrsáil agus athrá eolais atá in úsáid cheana infheicthe. | Beagáinín conclúid nó conclúid ar bith déanta gan mórán fianaise le tacaíocht a thabhairt dóibh agus ábhar neamhábhartha in úsáid.<br><br>Ní bhaintear aidhmeanna beartaithe amach. Cuid mhór athdhéanamh agus athrá. |
| **20 marc** | **18-20** | **14-17** | **10-13** | **6-9** | **0-5** |
| **Machnamh** | Léargas pearsanta soiléir agus domhain faighte trí machnamh tuisceanach agus domhain ar an rannpháirtíocht leis an staidéar.<br><br>Inniúlacht cuimsitheach soiléir chun machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Léargas pearsanta soiléir faighte trí machnamh ar an rannpháirtíocht leis an staidéar.<br><br>Inniúlacht soiléir chun machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Faightear roinnt léargais pearsanta fríd roinnt machnamh teoranta ar an ábhar.<br><br>Machnamh éigin déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Faightear léargais pearsanta teoranta fríd machnamh teoranta ar an ábhar.<br><br>Machnamh teoranta déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Níl machnamh pearsanta ar bith ann -- machnamh easnamhach. Athrá fíricí foghlamtha.<br><br>Léargas pearsanta ar bith déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. |
| **10 marc** | **9-10** | **7-8** | **5-6** | **3-4** | **0-2** |

| | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cumarsáid Léiriú & Comhleanúnachas Iomlán** | SRP an-chiallmhar & loighciúil agus de réir an ghné fhiosrúcháin ghairid agus aonarach atá roghnaithe.<br>Tá an struchtúr iontach. Tá an chumarsáid choincheapa, teoiric agus sonraí atá in úsáid cuimsitheach agus ábhartha.<br>Cuirtear na argóintí agus breithiúnais in iúl le heolas sonrach, smaointeoireacht chriticiúil agus fócas géar.<br>Úrnuacht agus nuálaíocht iontach soiléir ar fud. | Tá SRP an-chiallmhar & loighciúil de réir an ghné fhiosrúcháin ghairid agus aonarach atá roghnaithe.<br>Struchtúr an-mhaith.<br>Tá an teanga, na coincheapa agus sonraí atá in úsáid imeasctha go maith.<br>Cuirtear na argóintí agus breithiúnais in iúl le heolas maith, agus fianaise ar smaointeoireacht chriticiúil.<br>Tá fianaise ann d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Tá SRP beagáinín ciallmhar & loighciúil agus de réir an ghné fhiosrúcháin ghairid agus aonarach atá roghnaithe. Struchtúr réasúnta.<br>Taispeánann cumarsáid argóintí agus breithiúnais leibhéal maith eolais.<br>Gan mórán fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Iarracht bhocht ag SRP loighciúil agus ciallmhar a thabhairt.<br>Struchtúr íseal. Tá an chumarsáid neamheagraithe agus tá easpa aontachta ann.<br>Cuid fianaise nó gan fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Níl struchtúr & comhleanúnachas ar bith leis an tuairisc seo.<br>Tá easpa fócas agus soiléireacht sa tuairisc.<br>Tá eolas míchruinn/bradáil sa tuairisc. |
| **15 marc** | **14-15** | **11-13** | **8-10** | **5-7** | **0-4** |